Dréacht-Threoirlínte chun cabhrú le Roinn/Aonad tús a chur leis an Athbhreithniú Feabhais

Dréachtadh na treoirlínte seo a leanas chun cabhrú le Ranna / Aonaid tús a chur leis an Athbhreithniú Feabhais. Déanfar athmeasúnú ar na treoirlínte ar bhonn reatha agus cuirfear san áireamh iontu na cleachtais is fearr anseo agus i gcoláistí / ollscoileanna eile.

1. Ceaptar go dtabhfar fógra bliana, ar a laghad, do Roinn / Aonad faoi athbhreithniú feabhais.

2. Déantar sceideal na n-athbhreithnithe a bheartú idir an Stiúrthóir um Chothú Feabhais agus na Cinn Roinne / Aonaid.

3. Déantar, i dtús báire, teagmháil idir Ceann na Roinne / Aonaid agus an Stiúrthóir an Chothú Feabhais (SuCF) nuair a thosaítear an t-athbhreithniú chun an tslí chun tosaigh a phlé.

4. Chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin, buailfidh an SuCF leis an Roinn / Aonad go léir chun an proiséas a mhíniú. Is fearr mura mbíonn ach aon téama amháin ar chlár oibre an chruinnithe seo agus beidh seans ag an bhfoireann aon cheist maidir leis an athbhreithniú feabhais a phlé.

5. I gcás Roinne / Aonaid atá mór, is féidir fo-choiste a bhunú chun an obair seo a chur chun tosaigh. Ba cheart slite a shocrú chun gach ball den fhoireann a choimeád ar an eolas.

6. Ba chóir go n-ainmeofaí grúpa piar-athbhreithnithe go luath sa phróiseas chun fógra sásúil ama a thabhairt agus chun pleanáil a dhéanamh. Ba chóir comhairle a fháil ón choiste um chothú feabhais maidir le catagóirí inmhianaithe piar. Ba chóir triúr a ainmniú, ar a laghad, le haghaidh gach catagóra agus a n-ainm a chur faoi bhráid an choiste um chothú feabhais chun go gceadófaí iad.

7. Is féidir le Ranna / Aonaid cur isteach ar roinnt maoinithe chun cabhrú leo athbhreithniú a dhéanamh. Mar shampla, b'fhéidir go lorgódh ball amháin den Roinn / Aonad cead éirí as cuid dá dhualgaisí reatha chun obair an athbhreithnithe a chur chun tosaigh. Déanfaidh an coiste feabhais measúnú agus cinneadh ina leith seo. Ba chóir a bheith soiléir, áfach, gur leis an Roinn / Aonad ar fad a bhaineann úinéireacht an athbhreithnithe.

8. Cuirfear dréacht-chóip den tuarascáil féinmheasúnaithe chuig gach ball den fhoireann i dtosach chun gur féidir rud éigin a rá ina thaobh. Cuirfear í ina dhiaidh sin, faoi bhráid an choláiste um chothú feabhais chun go bpléifí is go measfaí í. Tiocfar ar chomhaontú maidir le hathrú ar bith agus cuirfear an dréacht deiridh faoi bhráid an phiarghrúpa mí amháin, ar a laghad, sula dtagann siad ar cuairt chuig an gcoláiste.

9. Tá treoirlínte ar fáil le haghaidh chuairt an phiarghrúpa.

10. Treoirlínte le haghaidh na hoibre a leanann ina dhiaidh sin – le dréachtú fós.